



Eanáir 2022

COMÓRTAIS LITEARHA AN OIREACHTAIS 2022

A mhúinteoir, a chara,

Tá An tOireachtas ag ceiliúradh 125 bliain ar an bhfód i mbliana agus tá áthas orainn fógairt go bhfuil muid anois ag glacadh le hiarratais do na Comórtais Liteartha 2022.

Tá na Comórtais Liteartha mar chuid lárnach dár gcuid oibre ó bunaíodh An tOireachtas in 1897. Tá sé mar phríomhaidhm acu scríbhneoirí óga nua a mhealladh le dul i mbun pinn agus ba bhreá linn go mbeidh do chuid daltaí mar chuid den bhliain stairiúil seo.

Tá sé chomórtas déag (16) dírithe ar scríbhneoirí óga ar chlár na bliana seo. Tá réimse leathan seánraí i gceist, ina measc: Aistí (Faoi 16 & Faoi 21), Iriseoireacht (Faoi 16 & Faoi 21), Scéal (Faoi 16 & Faoi 21) agus Dán (Faoi 16 & Faoi 21).

Tugann na Comórtais Liteartha seo deis speisialta do scríbhneoirí óga na Gaeilge. Bíonn duaiseanna airgid iontacha ar fáil do bhuaitheoirí gach comórtas chomh maith le deiseanna saothair a fhoilsiú i bhfoilseacháin Ghaeilge ar nós *COMHARÓg*. Ní amháin seo, ach bíonn aiseolas tairbheach ó mholtóirí na gcomórtas tugtha do gach iomaitheoir sna comórtais ar fad – rud a chuideoidh go mór le daltaí snas a chur ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta.

Bheadh muid go mór faoi chomaoin agat dá dtiocfadh leat an t-eolas seo a scaipeadh i measc do chuid daltaí agus tá muid ag dúil go mór lena gcuid saothar a léamh.

Is féidir iarratas a dhéanamh tríd an bpost nó ar shuíomh an Oireachtais ag www.antoireachtas.ie. Is é an **spriocdháta iontrála ná 1 Iúil 2022**.

Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn ceist ar bith agat faoi na comórtais i mbliana. Is féidir ríomhphost a chur chuig eolas@antoireachtas.ie nó is féidir scairt a chur ar 00353 (0)1 4753 857.

Le meas,

Emer Nic Labhraí
Oifigeach Feidhmiúcháin